# Measúnú i dtreo Torthaí sa Mhatamaitic Bhunscoile

***"…tarlaíonn an measúnú is tábhachtaí ar bhonn nóiméad go nóiméad agus lá go lá i ngach seomra ranga…" (Wiliam, 2017)***

Is próiseas comhoibríoch é an measúnú, a mbíonn foghlaimeoirí agus múinteoirí rannpháirteach ann, agus iad ag bailiú, ag taifeadadh, ag léirmhíniú, ag úsáid agus ag tuairisciú faisnéise i dtaca le foghlaim, dul chun cinn agus gnóthachtáil chun eolas, coincheapa, scileanna agus meonta i leith na matamaitice a fhorbairt. Cabhraíonn sé seo chun pictiúr luachmhar den fhoghlaimeoir a chur le chéile, chun an teagasc a threorú agus lena chur ar chumas gach aon fhoghlaimeora lánacmhainneacht a bhaint amach. Cuireann an cháipéis seo leis na Treoirlínte Measúnaithe (CNCM, 2007).

**Ba cheart uirlisí agus straitéisí measúnaithe a úsáid thar gach snáithe ar bhealach bríoch chun ullmhúchán a dhéanamh i dtreo na foghlama, chun tacú léi agus lena síneadh.**

## ULLMHÚCHÁN I DTREO NA FOGHLAMA

Cabhraíonn an measúnú chun pictiúr de gach foghlaimeoir a chur le chéile, chun an talamh a réiteach le haghaidh foghlaim bheartaithe agus chun eispéiris iomchuí foghlama a phleanáil.

**Príomhbhreithnithe**

1. Cad é an tuiscint atá agam ar an eolas, na scileanna agus na míthuiscintí atá ag an bhfoghlaimeoir/na foghlaimeoirí cheana?
2. Cé na foinsí, uirlisí nó straitéisí a d'fhéadfainn a úsáid chun níos mó faisnéise a fháil faoin bhfoghlaimeoir?
3. Conas a úsáidfidh mé na léargais seo chun timpeallacht foghlama oiriúnach a chruthú agus chun freastal ar eispéiris fhiúntacha inrochtana foghlama?

## TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

Cuireann an measúnú ar chumas múinteoirí a gcuid teagaisc a chur in oiriúint agus tacú le foghlaimeoirí mar fhreagairt ar léargais a fhaightear le linn eispéiris foghlama.

**Príomhbhreithnithe**

1. Cé na huirlisí/straitéisí/teicnící is fearr a chuirfidh ar chumas foghlaimeoirí a gcuid foghlama a léiriú?
2. Cad a léiríonn an fhaisnéis sin dom faoin bhfoghlaimeoir, a chuid riachtanas foghlama agus a dhul chun cinn?
3. Conas a úsáidfidh mé an fhaisnéis seo chun mo chuid teagaisc a chur in oiriúint agus freagairt don fhoghlaimeoir/na foghlaimeoirí?

## AN FHOGHLAIM A SHÍNEADH

Bíonn an measúnú mar bhonn agus mar thaca faoin ullmhúchán agus pleanáil a dhéanann múinteoirí le haghaidh eispéiris foghlama eile, chun gach gné den fhoghlaim a shíneadh agus a dhaingniú.

**Príomhbhreithnithe**


1. Cén fhaisnéis agus aiseolas measúnaithe a chuirfidh ar chumas agus a thacóidh le gach foghlaimeoir tuiscint níos fearr a fhorbairt air féin mar fhoghlaimeoir?
2. Cé na heispéiris foghlama a d'fhéadfainn a chur ar fáil lena chur ar chumas an fhoghlaimeora a chuid foghlama a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs nua?
3. Conas a d'fhéadfainn a chinntiú go mbíonn eispéiris foghlama amach anseo i gcónaí insroichte agus dúshlán iomchuí a bheith ag baint leo do gach aon fhoghlaimeoir?

Measúnú i dtreo Torthaí sa Mhatamaitic Bhunscoile

# Dialanna Mata

## Cad is dialann mhata ann?

Éascaíonn dialanna mata d'fhoghlaimeoirí a bhforás agus a bhforbairt sa mhatamaitic a léiriú thar am, trí bheith ag machnamh ar a bhfoghlaim féin, trí fhorbairt a dhéanamh ar a gcumas réasúnaíocht a dhéanamh faoin mata agus trí bheith ag úsáid teanga mhatamaiticiúil i gcomhthéacs. Soláthraíonn siad faisnéis do mhúinteoirí ar dhul chun cinn foghlaimeoirí, ar ghnóthachtáil, ar mhíthuiscintí agus ar réimsí ina mbeadh gá le teagasc agus tacaíocht bhreise. Tabharfaidh an fhianaise seo léargas don mhúinteoir ar an dóigh a mbreathnaíonn foghlaimeoirí orthu féin mar fhoghlaimeoirí matamaitice.




## Cad é a bheadh san áireamh inti?

- Machnamh ar ghníomhaíochtaí foghlama – 'Inniu, d'fhoghlaim mé…' 'Tá a fhios agam… faoi…'
- Míniúcháin ar théarmaí matamaitice ina gcuid focal féin – 'Ceapaim gurb é is codán ann…'
- Léirshamhluithe éagsúla chun foghlaim agus faisnéis nua a léiriú.
- Freagairtí ar íomhánna dá gcuid oibre nó ar eispéiris foghlama.
- Míniúcháin ar straitéisí a úsáidtear chun fadhbanna a réiteach.
- Straitéisí féinmheasúnaithe
- Leideanna samplacha - https://pdst.ie/primary/stem/mathematics/assessment

## Cén fhormáid ina mbeadh sí?

Is iomaí formáid a bheadh ag baint le dialanna mata, lena n-áirítear cóipleabhar nó leabhar nótaí speisialta, uirlisí digiteacha nó mar chuid de phunann (digiteach nó fisiciúil). Ar na hiontrálacha a chuirfí isteach sa dialann, bheadh scríbhinn, léaráidí, grianghraif, taifeadadh fuaime agus cuntas físe. Is féidir gurbh é an foghlaimeoir féin a chuirfeadh iontrálacha isteach nó go gcuirfeadh múinteoir nó piara isteach thar a cheann iad.

## Cuimhnímis

- Is féidir le gach foghlaimeoir, ar gach aois, dialann mhata a choinneáil.
- Is féidir dialanna mata a léiriú agus a chomhlánú ar an iliomad dóigheanna.
- Tugann dialanna mata guth barántúil don fhoghlaimeoir i dtaca lena chuid foghlama sa mhatamaitic.

## Cé a bheadh i dteideal í a léamh agus cén fáth?

Tá sé tábhachtach go mbíonn a fhios ag foghlaimeoirí go ndéanann an múinteoir na dialanna a léamh ar bhonn rialta. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh freisin ar fhoghlaimeoirí cuid de na hiontrálacha dialainne a chomhroinnt le piaraí agus tuismitheoirí, ag brath ar chúis agus comhthéacs na scríbhneoireachta. Cabhróidh an próiseas seo le daingniú thuiscint an mhúinteora agus an fhoghlaimeora ar an dul chun cinn agus chun réasúnaíocht agus teanga mhatamaiticiúil an fhoghlaimeora a fhorbairt i gcomhthéacs.

Measúnú i dtreo Torthaí sa Mhatamaitic Bhunscoile

# Mapaí Coincheapa

## Cad is mapaí coincheapa ann?

Is é is mapaí coincheapa ann ná eagraithe grafaice nó achoimre phictiúrtha a léiríonn an tuiscint atá ag foghlaimeoir ar smaointe agus ar an ngaol idir na smaointe seo. Úsáideann foghlaimeoirí saigheada nó línte chun na coincheapa a cheangal. Ansin, déanann siad an ceangaltóir a lipéadú le focal nó frása gairid a chuireann síos ar an ngaol idir na coincheapa. Ba cheart d'fhoghlaimeoirí ansin dul ar ais chuig na mapaí coincheapa agus athbhreithniú a dhéanamh orthu de réir mar a chuireann siad lena dtuiscint agus lena n-eolas.

## Cuimhnímis


- Sainaithníonn mapaí coincheapa na gaolta idir coincheapa.
- Ba cheart d'fhoghlaimeoirí dul siar ar na mapaí coincheapa agus athbhreithniú a dhéanamh orthu le linn an phróisis foghlama.
- Spreagann mapaí coincheapa caint mhatamaiticiúil, mar a ndéanann foghlaimeoirí a mapaí coincheapa a chomhroinnt, a phlé agus a chosaint.

## Cén fáth ar cheart dúinn iad a úsáid?

Éascaíonn mapaí coincheapa d'fhoghlaimeoirí:


- Smaoineamh ar an ngaol atá idir na coincheapa.
- A gcuid smaointe agus a dtuiscint ar na gaolta a eagrú agus a léirshamhlú trí fhiosrúchán.
- Machnamh a dhéanamh ar an tuiscint seo.

Is féidir gurbh ionann mapaí coincheapa agus spreagthach le haghaidh caint mhatamaiticiúil, mar a bhféadfaí foghlaimeoirí a gcuid tuisceana a chomhroinnt, a cheistiú agus a bheachtú trí chomhphlé le piaraí.




## Cad é an chuma a bheadh orthu?

D'fhéadfaí ábhair nithiúla atá ann cheana nó ábhair nithiúla 3T phriontáilte a úsáid chun mapa coincheapa 3T a chur le chéile, nó d'fhéadfá peann luaidhe agus páipéar nó teicneolaíocht a úsáid chun mapa 2T a chur le chéile. Ní gá teimpléid a bheith ann nó féadann múinteoirí mapaí a chruthaíonn foghlaimeoirí a úsáid chun níos mó a fhoghlaim faoi thuiscint na bhfoghlaimeoirí ar na gaolta idir na coincheapa mar aon le míthuiscintí a bheadh acu.





# Measúnú i dtreo Torthaí sa Mhatamaitic Bhunscoile



# Rúibricí

## Cad is rúibric ann?

Úsáidtear rúibric chun cur síos a dhéanamh ar leibhéil éagsúla an chaighdeáin nó na cáilíochta a bheadh ag baint le píosa oibre. Bíonn dhá phríomhghné ag baint léi:
(1) liosta de chritéir a chuimsíonn na heiliminti tábhachtacha den obair
(2) tacar de ráitis lena gcuirtear síos ar leibhéil éagsúla de chaighdeán nó cáilíocht san obair.

Cabhraíonn an dá ghné seo, i gcomhpháirt, chun pictiúr a chur le chéile don mhúinteoir agus don fhoghlaimeoir den 'chuma' a bheadh ar rathúlacht foghlama sa ghníomhaíocht nó ó thaobh píosa oibre de. Bíonn d'acmhainn ag rúibricí tacú leis an bhfoghlaimeoir agus leis an múinteoir labhairt faoin bhfoghlaim i gcomhthéacs na gcritéar atá comhaontaithe acu.

## Cad é a bheadh san áireamh inti?


D'fhéadfaí trí ghné a úsáid sna rúibricí matamaitice:

- Eolas Coincheapúil agus Gnásúil Matamaiticiúil: An bhfuil an foghlaimeoir in ann croí-choincheapa agus croí-phrionsabail na matamaitice a thuiscint?
- Eolas Straitéiseach: An bhfuil an foghlaimeoir in ann faisnéis ábhartha sheachtrach a úsáid, codanna éagsúla d'fhadhbh agus an gaol eatarthu a shainaithint, agus próiseas córasach réitithe a úsáid?
- Cumarsáid Mhatamaiticiúil: Cé chomh hiomlán is atá freagra, míniúcháin, léaráidí, scileanna chur i láthair agus cumarsáide agus loighic argóint an fhoghlaimeora?

## Rúibric Fadhbréitigh

**Dathaigh nó cuir tic sa bhosca a chuireann síos ar do chuid smaointe faoin dóigh ar éirigh leat sa cheacht inniu.**

| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An féidir leat an fhadhb a réiteach?** | Ní thuigim an fhadhb. | Ní thuigim an fhadhb ach rinne mé iarracht í a réiteach. | Tuigim an fhadhb agus rinne mé iarracht í a réiteach. | Is féidir liom an fhadhb a réiteach ach shíl mé go raibh sé dúshlánach go leor. | Is féidir liom an fhadhb a réiteach. |
| | Teastaíonn cúnamh uaim chun an obair a thosú. | Teastaíonn a lán cúnaimh uaim. | Teastaíonn roinnt cúnaimh uaim. | Teastaíonn rud beag cúnaimh uaim. | Is féidir liom seo a dhéanamh gan aon chúnamh. |
| **Conas a réitíonn tú an fhadhb?** | Níl aon straitéisí ar eolas agam chun fadhbanna a réiteach. | Is féidir liom ábhair nithiúla a úsáid chun an obair a thosú. | Is féidir liom ábhair nithiúla a úsáid chun an fhadhb a réiteach. | Is féidir liom straitéis a roghnú chun an fhadhb a réiteach. | Is féidir liom roinnt straitéisí a úsáid chun an fhadhb a réiteach. |
| | Ní féidir liom pictiúr a tharraingt chun an dóigh ar réitigh mé an fhadhb a léiriú. | Is féidir liom iarracht a dhéanamh pictiúr a tharraingt ach tá sé deacair. | Is féidir liom tosú ar phictiúr a tharraingt chun an dóigh ar réitigh mé an fhadhb a léiriú. | Is féidir liom pictiúr a tharraingt ach níl sé an-soiléir. | Is féidir liom pictiúr soiléir a tharraingt chun an dóigh ar réitigh mé an fhadhb a léiriú. |
| **An féidir leat do chuid oibre a mhíniú?** | Ní féidir liom labhairt ar an méid a rinne mé. | Is féidir liom focal nó dhó a rá faoin dóigh ar fhéach mé leis an bhfadhb a réiteach. | Is féidir liom labhairt ar an méid a rinne mé. | Is féidir liom labhairt ar an méid a rinne mé agus beagáinín eolais a thabhairt ar an bhfáth a ndearna mé é. | Is féidir liom labhairt ar an méid a rinne mé agus an fáth a ndearna mé é. |
| | Ní féidir liom aon rud a scríobh lena mhíniú cén dóigh ar réitigh mé an fhadhb. | Is féidir liom rud éigin a scríobh ach níl ciall leis go fóill. | Is féidir liom beagáinín a scríobh faoin méid a rinne mé nó faoin bhfáth a ndearna mé é, ach ní an dá rud. | Is féidir liom scríobh faoin méid a rinne mé agus beagáinín a scríobh faoin bhfáth a ndearna mé é. | Is féidir liom scríobh faoin méid a rinne mé agus an fáth a ndearna mé é. |



**Cuimhnímis**

- Is ionann rúibricí agus deis le haghaidh machnaimh, féinmheasúnaithe agus aiseolais.
- Tugann rúibricí fócas d'fhoghlaimeoirí mar aon leis an teanga a bhíonn de dhíth orthu chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama.
- Is ionann rúibricí agus creat chun foghlaimeoirí a chumhachtú agus guth a thabhairt dóibh ina bpróiseas foghlama féin.